# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA

## OIDEACHAS REILIGIÚNACH – GNÁTHLEIBHÉAL

DÉARDAOIN, 22 MEITHEAMH 2006 - TRÁTHNÓNA, 2.00 go 4.00

Iomlán na Marcanna: 320

## *Treoracha Ginearálta d'Iarrthóirí*

NÍ MÓR D'IARRTHÓIRÍ TABHAIRT FAOI:

- **DHÁ** CHEIST AS AONAD A hAON
- **DHÁ** CHEIST AS AONAD A DÓ
- CHEIST **AMHÁIN** AS AONAD A TRÍ

## AONAD A hAON

(80 marc)

**BA CHÓIR DUIT TUAIRIM IS 30 NÓIMÉAD A CHAITHEAMH AG FREAGAIRT CEISTEANNA SAN AONAD SEO.**

NÍ MÓR DUIT TABHAIRT FAOI **DHÁ** CHEANN DE NA TRÍ CHEIST SEO A LEANAS.

**(Tá 40 marc ar gach ceist)**

## ROINN A CUARDACH BRÍ AGUS LUACHANNA

### CEIST 1. FEALSÚNA NA SEAN-GHRÉIGE

a. Tabhair breac-chuntas ar bhuntuairim fealsúnachta **amháin** a bhí ag Sócraitéas *nó* ag Platón.

(20 marc)

b. Mínigh conas a bhí tuairim de chuid Shócraitéas *nó* Phlatón tábhachtach i bhforbairt na fealsúnachta.

(20 marc)

### CEIST 2. AN DAONNACHAS

a. Scríobh breac-chuntas ar cad is brí leis an daonnachas. (10 marc)

b. Ainmnigh duine **amháin** a bhfuil tábhacht faoi leith ag baint leis / léi i dtraidisiún an daonnachais.

(10 marc)

c. Déan cur síos ar an méid a thug sé / sí don daonnachas. (20 marc)

### CEIST 3. ÍOMHÁNNA DÉ

a. Déan cur síos ar íomhá chomhaimseartha **amháin** *nó* ar íomhá thraidisiúnta **amháin** de Dhia / an tarchéimnitheach agus tabhair cuntas ar an tuiscint ar Dhia / an tarchéimnitheach a mhúsclaíonn sí ionainn.

(20 marc)




b. Mínigh an tslí a bhféadann tionchar a bheith ag tuairimí duine faoi Dhia / an tarchéimnitheach ar chinneadh duine faoi cad is iompar ceart nó mícheart ann.

(20 marc)

## AONAD A DÓ

(160 marc)

**BA CHÓIR DUIT TUAIRIM IS 60 NÓIMÉAD A CHAITHEAMH AG FREAGAIRT CEISTEANNA SAN AONAD SEO.**

NÍ MÓR DUIT TABHAIRT FAOI **DHÁ** CHEANN DE NA TRÍ ROINN SEO A LEANAS.

**(Tá 80 marc ar gach roinn)**

### ROINN B AN CHRÍOSTAÍOCHT – AN PHAILISTÍN LE LINN ÍOSA

a. Tabhair breac-chuntas ar na príomhthréithe a bhain le córas polaitiúil na Rómhánach *nó* le córas reiligiúnach na nGiúdach sa Phalaistín le linn Íosa. (25 marc)

b. Déan cur síos ar shampla **amháin** de chomhthéacs ina raibh Íosa i gcoimhlint leis na ceannairí reiligiúnacha *nó* leis na ceannairí polaitiúla sa Phalaistín lena linn. (25 marc)

c. Mínigh an fáth a bhfacthas Íosa mar bhagairt ar na ceannairí reiligiúnacha *nó* ar na ceannairí polaitiúla sa Phalaistín lena linn. (30 marc)

### ROINN C NA REILIGIÚIN DHOMHANDA – CEILIÚRADH NA BEATHA

a. Tabhair breac-chuntas ar shearmanas reiligiúnach ina gceiliúrtar an bhreith / an tionscnamh sa Chríostaíocht *nó* sa Ghiúdachas.

(20 marc)

b. Tabhair breac-chuntas ar shearmanas reiligiúnach ina gceiliúrtar an bhreith / an tionscnamh i gceann **amháin** de na reiligiúin dhomhanda seo a leanas:

◆ An Búdachas ◆ An Hiondúchas ◆ An tIoslamachas

(20 marc)

c. i. Roghnaigh siombail **amháin** as gach ceann de na searmanais ar thug tú breac-chuntas orthu i bpáirt (a) agus i bpáirt (b) thuas agus mínigh an bhrí atá le gach ceann de na siombailí. (20 marc)

ii. Déan cur síos ar an tslí a n-úsáidtear siombail **amháin eile** i searmanas reiligiúnach a bhfuil staidéar déanta agat air. (20 marc)

### ROINN D TEACHT AR CHINNEADH MORÁLTA – AN MHORÁLTACHT AGUS AN REILIGIÚN

a. Déan cur síos achomair ar na tosca reiligiúnacha, sóisialta agus cultúrtha inar mhair lucht leanta Mhaoise ag an am a dtáinig na Deich nAitheanta ar an saol. (20 marc)

b. Tabhair breac-chuntas achomair ar an mbrí atá leis an gCúnant agus mínigh conas is féidir leis na Deich nAitheanta cabhrú le daoine maireachtáil de réir an Chúnaint. (30 marc)

c. Déan comparáid idir na Deich nAitheanta agus teagasc Íosa maidir le hiompar ceart nó mícheart. (30 marc)

## AONAD A TRÍ

(80 marc)

**BA CHÓIR DUIT TUAIRIM IS 30 NÓIMÉAD A CHAITHEAMH AG FREAGAIRT CEISTEANNA SAN AONAD SEO.**

NÍ MÓR DUIT TABHAIRT FAOI CHEANN **AMHÁIN** DE NA CEITHRE ROINN SEO A LEANAS.

**(Tá 80 marc ar gach roinn)**

### ROINN E REILIGIÚN AGUS INSCNE

◆ An Búdachas ◆ An Chríostaíocht ◆ An Giúdachas ◆ An Hiondúchas ◆ An tIoslamachas

Déan comparáid idir ról na mban in dhá cheann de na reiligiúin dhomhanda thuas.

(80 marc)

### ROINN F CEISTEANNA CEARTAIS AGUS SÍOCHÁNA

● Bochtanas in Éirinn ● Leithcheal in Éirinn ● Ocras Domhanda

a. Déan anailís achomair ar na bunchúiseanna a bhaineann le ceann **amháin** de na fadhbanna liostaithe thuas.

(25 marc)

b. Imlínigh tuiscint an cheartais agus na síochána i gceann **amháin** de na reiligiúin dhomhanda a leanas:

◆ An Búdachas ◆ An Chríostaíocht ◆ An Giúdachas ◆ An Hiondúchas ◆ An tIoslamachas

(25 marc)

c. Mínigh conas a d'fhéadfadh an tuiscint ar cheartas agus síocháin, i gceann de na reiligiúin dhomhanda liostaithe thuas, cabhrú le teacht ar réiteach ar fhadhb a bhfuil staidéar déanta agat uirthi.

(30 marc)

### ROINN G ADHRADH, PAIDREOIREACHT AGUS DEASGHNÁTHA

● An Cháisc Ghiúdach / An Pasóvar ● Diwali ● Domhnach Cásca ● Ramadan ● Wesak

a. Ta amanna speisialta, dá leithéidí thuas, ag traidisiúin dhifriúla reiligiúnacha, a mheastar a bheith naofa.
Roghnaigh am **amháin** dá leithéid agus mínigh:
   i. conas a léiríonn siombail a bhaineann leis an am gur am naofa é. (20 marc)
   ii. conas a léiríonn deasghnáth a bhaineann leis an am gur am naofa é. (20 marc)

b. Mínigh cén fáth a bhfuil an t-am, a bhfuil cur síos déanta agat air thuas, tábhachtach ag baill an reiligiúin dhomhanda is mó a bhfuil baint ag an am sin leis.

(40 marc)

## ROINN I REILIGIÚN: AN TAITHÍ ÉIREANNACH - AN CHRÍOSTAÍOCHT IN ÉIRINN

a. Déan cur síos ar chreideamh reiligiúnach **amháin** *nó* ar chleachtadh reiligiúnach **amháin** a bhfuil baint aige le hÉirinn na Réamh-Chríostaíochta. (40 marc)

b. 


Mínigh conas a d'oiriúnaigh misinéirí luatha Críostaí, mar Naomh Pádraig, cleachtaí reiligiúnacha réamh-Chríostaí na hÉireann, chun an Chríostaíocht a thabhairt do mhuintir na hÉireann.

(40 marc)

**LEATHANACH**

**BÁN**

**LEATHANACH**

**BÁN**

**LEATHANACH**

**BÁN**